



**Ciorclán 0004/2015**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Stad Oibre ag Baill an ASTI agus an TUI – 22 Eanáir 2015**

1. D'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna orm a chur in iúl duit go bhfuil stad oibre lae beartaithe ag an ASTI agus an TUI Dé Máirt an 22 Eanáir 2015, ag éirí as torthaí ar bhallóidí i measc a mball.
2. Is gnó é do bhainistíocht scoile a chinneadh cibé an osclófar an scoil/na scoileanna faoina gcúram Dé Máirt an 22 Eanáir 2015. Agus an cinneadh seo á dhéanamh, ba chóir a chur san áireamh na rioscaí sláinte & sábháilteachta a ghabhfaidh le hoscailt na scoile mar is gnách, i bhfianaise a mhéad ball foirne a mheastar a bheidh páirteach sa stad oibre seo.
3. Má chinntear gan scoil a oscailt do dhaltaí ar an lá seo, ba chóir cúram a dhéanamh de go gcuirfeadh gach tuismitheoir agus gach dalta ar an eolas faoin gcinneadh seo luath go leor, ionas gur féidir socrúithe malartacha a dhéanamh.

**Socrúithe do bhaill foirne atá fostaithe ag meánscoileanna, scoileanna cuimsitheacha agus pobalscoileanna**

4. I gcás go dtiteann an stad oibre seo amach, ba chóir go ndéanfadh bainistíocht gach scoile socrúithe cuí chun láithreach nó neamhláithreach gach ball foirne, idir theagaisc agus neamhtheagaisc, atá ar phárolla na Roinne agus fostaithe sa scoil, a thaifeadh.
5. I gcás ball foirne a íocann an Roinn, agus chun an asbhaint pá chúí a éascú, ní mór do bhainistíocht gach scoile gach neamhláithreach de bharr an stad oibre a thaifeadh ar Chóras na nÉileamh ar Líne faoin gCatagóir Saoire "Gnó Scoile", fochatagóir Saoire "Stailc sa Scoil". Ba chóir neamhláithreachaí ar chúiseanna seachas an stad oibre (m.sh. saoire údaraithe) a thaifeadh ar Chóras na nÉileamh ar Líne mar is gnách.

## **Socruithe Párolla maidir le Baill Foirne atá fostaithe ag na Boird Oideachais agus Oiliúna**

6. I gcás ina dtiteann an stad oibre seo amach, is ar Phríomhfheidhmeannach gach Boird Oideachais agus Oiliúna a bheidh an cúram a chinntiú go mbíonn socruithe cuí i bhfeidhm chun láithreach nó neamhláithreach ball foirne atá fostaithe sa scoil/san ionad a thaifeadh. Baineann seo le gach ball foirne teagaisc agus neamhtheagaisc atá fostaithe sa scoil/san ionad.
7. Ba chóir do Phríomhfheidhmeannach gach Boird Oideachais agus Oiliúna a chinntiú go gcuirtear gach neamhláithreach de bharr an stad oibre in iúl do Rannóg Párolla an Bhoird Oideachais agus Oiliúna de réir na nósanna imeachta cuí d'fhonn an asbhaint chuí pá a éascú. Ba chóir neamhláithreachtaí ar chúiseanna seachas an stad oibre (m.sh. saoire údaraithe) a thaifeadh mar is gnách.

Philip Crosby  
Príomhoifigeach  
16 Eanáir 2015